CINNEADH (CBES) 2021/1818 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Deireadh Fómhair 2021

lena seoltar Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/1143 ón gComhairle an 12 Iúil 2021 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc) ([1]),

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1143 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc).

(2) An 28 Meán Fómhair 2021, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart an Plean Misin, lena n-áirítear na Rialacha Comhraic, do EUTM Mhósaimbíc a fhormheas.

(3) Mar thoradh ar an moladh ón gCeannasaí Misin, ba cheart EUTM Mhósaimbíc a sheoladh an 15 Deireadh Fómhair 2021.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bhíonn an Danmhairg rannpháirteach i ndréachtú agus cur chun feidhme cinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí acu d'ábhair cosanta. Dá bhrí sin, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo, níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm, agus níl sí rannpháirteach i maoiniú EUTM Mhósaimbíc,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo an Plean Misin, na Rialacha Comhraic san áireamh, le haghaidh EUTM Mhósaimbíc.

Airteagal 2

Seolfar EUTM Mhósaimbíc an 15 Deireadh Fómhair 2021.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) IO L 247, 13.7.2021, lch. 93.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 15 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. CIGLER KRALJ